**Tusicint agus Ceangal**

**Tomhais**

**Achar agus Imlíne**

**Gairdíní a Dhearadh**

**Rúibric Ghrádaithe**

Cad é is féidir leis na foghlaimeoirí a dhéanamh.

| **g**<br>**An foghlaimeoir** | **h**<br>**An foghlaimeoir** | **i**<br>**An foghlaimeoir** | **j**<br>**An foghlaimeoir** |
|---|---|---|---|
| Baineann sé úsáid as rialóir chun cruth(anna) a bhfuil achar 12cm$^2$ aige/acu a tharraingt.<br><br>Déanann sé comhaireamh ar na cearnóga (sa chóipleabhar) chun an t-achar a chinntiú.<br><br>Suimíonn sé fad na dtaobhanna chun an imlíne a chinntiú.<br><br>Baineann sé úsáid as meastúcháin chiallmhara chun cruthanna a tharraingt a bhfuil ar a laghad taobh cuartha amháin acu. | Tarraingíonn sé ar a laghad dronuilleog amháin.<br><br>Déanann sé comhaireamh i gcéimeanna chun achar a ríomh. Úsáideann sé rialóir go cruinn chun imlíne a mheas.<br><br>Tarraingíonn sé cruthanna a bhfuil ar a laghad taobh cuartha amháin acu.<br><br>Tarraingíonn sé cruthanna atá níos lú agus a bhfuil idir achar nó imlíne <u>de luach leath an chéad ghairdín</u> acu. | Tarraingíonn sé dronuilleoga agus cruthanna cumaisc.<br><br>Déanann sé comhaireamh i gcéimeanna nó úsáideann sé straitéis chiallmhar eile chun achar a ríomh.<br><br>Tugann sé faoi deara agus tugann míniú éigin ar an ngaol idir achar agus imlíne.<br><br>Tarraingíonn sé cruthanna a bhfuil ar a laghad taobh cuartha amháin acu agus é ag úsáid compáis. | Mar an gcéanna le foghlaimeoir 'i' ach in ann míniú ceart a thabhairt conas is féidir imlínte éagsúla agus an t-achar céanna a bheith agat (m.sh. 'Má tá an gairdín fada agus caol, beidh imlíne níos faide agat de bhrí go bhfuil an t-achar sínte amach.<br><br>Bíonn imlíne níos lú ag gairdíní atá gairid agus leathan').<br><br>Déanann sé imscrúdú ar an ngaol idir achar agus imlíne.<br><br>Tarraingíonn sé cruthanna a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tarraingíonn sé cruthanna atá níos lú ach b’fhéidir nach bhfuil cruinn ó thaobh tomhais de. | | Ceartaíonn sé na cruthanna.<br><br>Tarraingíonn sé cruthanna atá níos lú agus a bhfuil idir achar nó imlíne de luach leath an chéad ghairdín acu.<br><br>Tá sé in ann cur síos a dhéanamh ar an ngaol idir achar agus imlíne an chéad chruth agus an chruth nua. | bhfuil an t-achar laghdaithe ar a leath.<br><br>Tugann sé réasúnaíocht chruinn ar an ngaol idir achar agus imlíne na gcruthanna. |